Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

# QA220 Polasaí Sláine Acadúla

Dáta: 16 Meitheamh 2022

Athbhreithniú: 1 Meán Fómhair 2026

Úinéir an Pholasaí: An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí

Coiste Faofa: An Chomhairle Acadúil

## 1.0 Cuspóir

An cód cleachtais a leagan amach chun déileáil le cásanna ina sáraíonn mic léinn sláine acadúil trí mhí-iompar acadúil. Baineann sé seo le mic léinn reatha agus leo siúd a bhfuil céim bainte amach acu nó a d'fhág an Ollscoil cheana féin.

## 2.0 Cur síos

Is éard is mí-iompar acadúil ann ná aon iarracht buntáiste acadúil éagórach a bhaint amach nó cabhrú le daoine eile a leithéid a bhaint amach.

Mar atá leagtha amach ag an Líonra Náisiúnta do Shláine Acadúil (NAIN) ina Threoirlínte maidir le Sláine Acadúil:

"Academic misconduct can be either intentional or inadvertent. It can be committed in a variety of ways (including, but not exclusive to, the following):

- Submitting work as your own for assessment, which has, in fact, been done in whole or in part by someone else or submitting work which has been created artificially, e.g., by a machine or through artificial intelligence. This may be work completed for a learner by a peer, family member or friend or which has been produced, commercially or otherwise, by a third party for a pre-agreed fee (contracted); it may be work in which the learner has included unreferenced material taken from another source(s) (plagiarism); it may be use of a ghost writer to carry out assessed work which is then submitted as the learner's own work; it may be using a previous assignment as submitted by a peer claiming it to be your work; it may be that references have been falsified to give credibility to the assignment and to show evidence of research; it may be a claim for authorship which is false;
- Cheating in exams (e.g., crib notes, copying, using disallowed tools, impersonation);
- Cheating in projects (e.g., collusion; using 'essay mills' to carry out the allocated part of the project);
- Selling or simply providing previously completed assignments to other learners;
- Misrepresenting research (e.g., data fabrication, data falsification, misinterpretation);
- Bribery, i.e., the offering, promising, giving, accepting or soliciting of an advantage as an inducement for an action;
- Falsification of documents;
- Improper use of technology, laboratories, or other equipment;
- Helping a peer to do their assignment which develops into the helper doing some or all of the assignment; and

- Sharing or selling staff or institutional intellectual property (IP) with third parties without permission."

Seo a leanas roinnt samplaí breise de mhí-iompar acadúil:

- Féinbhradaíl áit a gcuireann tú isteach saothar a cuireadh isteach cheana le haghaidh measúnú eile gan chead/aitheantas.
- Fógraí a chrochadh le haghaidh seirbhísí a spreagann caimiléireacht ar conradh go fisiciúil nó go fíorúil.
- Mír mheasúnaithe iomlán nó cuid de a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as intleacht shaorga (e.g. Google Translate nó seirbhísí/bogearraí meaisínaistriúcháin eile, Intleacht Shaorga ghiniúnach, etc.) a chur isteach ag maíomh gurb í do chuid oibre féin í.

Tarlaíonn mí-iompar acadúil mar gheall ar dhroch-chleachtas acadúil nó mar gheall ar aineolas maidir le gnáthchleachtais an disciplín acadúil. Ba chóir go gcinnteodh scoileanna go bhfuil oideachas sna cláir ar fáil do mhic léinn ag gach leibhéal maidir le dea-chleachtas acadúil.

Tá na pionóis a bhaineann le mí-iompar acadúil leagtha amach in Aguisín 1.

## 2.1 Téarmaí

### 2.1.1 Oifigeach Sláine Acadúla

Tá ról lárnach ag an Oifigeach Sláine Acadúla atá freagrach as oideachas a chur ar an bhfoireann agus ar na mic léinn maidir le sláine acadúil, tacú le Comhairleoirí Sláine Acadúla, agus imscrúdú a dhéanamh ar chásanna mí-iompair acadúil. Is Údarás Ainmnithe an tOifigeach Sláine Acadúla (nó duine ainmnithe san Oifig Sláine Acadúla), mar a mhínítear i gCód Iompair na Mac Léinn, agus tá freagracht air/uirthi agus údarás aige/aici déileáil le cásanna Mí-iompair Acadúil a bhfuil amhras fúthu nó a thuairiscítear.

### 2.1.2 Comhairleoirí Sláine Acadúla

Ceapfaidh gach Scoil Comhairleoir Sláine Acadúla (AIA) amháin ar a laghad, duine den fhoireann acadúil go hiondúil. Is Údaráis Ainmnithe na comhairleoirí seo, mar a mhínítear i gCód Iompair na Mac Léinn, agus tá freagracht orthu agus údarás acu déileáil le cásanna Mí-iompair Acadúil a bhfuil amhras fúthu nó a thuairiscítear. Is é príomhról an Chomhairleora Sláine Acadúla comhairle a sholáthar dóibh siúd atá ag teagasc ina scoil ar shláine acadúil, Comhráite Misniúla (a gcuirtear síos orthu thíos) a reáchtáil le mic léinn agus cabhrú leis an Oifigeach Sláine Acadúla chun cásanna de mhí-iompar acadúil a fhiosrú nuair is gá.

Beidh liosta de na Comhairleoirí reatha Sláine Acadúla ar fáil d'fhoireann acadúil na hOllscoile.

### 2.1.3 An Clár Mí-Iompair Acadúil

Nuair a fhaightear amach go raibh mí-iompar neamhbheartaithe (de bharr míthuiscint réasúnach, míchúram, easpa feasachta, nó údar cosúil leo sin) nó mí-iompar acadúil d'aon ghnó ar bun ag mic léinn mar chuid den phróiseas atá leagtha amach sa pholasaí seo, cuirtear a n-ainm ar an gClár Mí-Iompair Acadúil. Déanfaidh an tOifigeach Sláine Acadúla an Clár Mí-Iompair Acadúil seo a bhainistiú agus cuirfear rochtain chuí ar fáil do na Comhairleoirí Sláine Acadúla air.

### 2.1.4 Caighdeán Cruthúnais

Agus mí-iompar acadúil idir lámha, is é an caighdeán cruthúnais a nglactar leis ná go bhfuil an cinnteoir sásta go bhfuil sé *níos dóchúla ná a mhalairt* gur tharla mí-iompar acadúil.

### 2.1.5 Comhráite le Mic Léinn

Tá trí chomhrá ann ar féidir cuireadh a thabhairt do mhac léinn a bheith aige/aici maidir le cás mí-iompair acadúil:

1) comhrá le duine den fhoireann teagaisc,
2) Comhrá Misniúil le Comhairleoir Sláine Acadúla,
3) nó comhrá leis an Oifigeach Sláine Acadúla.

Le linn an Chomhrá Mhisniúil nó an chomhrá leis an Oifigeach Sláine Acadúla féadfaidh an mac léinn mac léinn eile nó ionadaí ó Chomhaltas na Mac Léinn a thabhairt leis/léi (ach níl cead aige/aici aon duine eile nó comhlacht eile nach bhfuil baint acu leis an Ollscoil a thabhairt leis/léi). Ní fhéadfaidh an duine seo páirt a ghlacadh san agallamh. Is é príomhaidhm an duine tacaíochta seo ná tacaíocht a thabhairt don mhac léinn, seachas labhairt ar son an mhic léinn. Níl sé oiriúnach do dhuine d'fhoireann na hOllscoile freastal ar chomhrá/agallamh mic léinn mar dhuine tacaíochta an mhic léinn. Ní mór seoladh ríomhphoist Ollscoil na Gaillimhe agus uimhir ghutháin an duine tacaíochta seo a sholáthar d'eagraí an chruinnithe roimh ré. Féadfaidh an Comhairleoir Sláine Acadúla cuireadh a thabhairt do chomhalta foirne eile a bheith in éineacht leo, seachas an comhalta foirne teagaisc a thuairiscigh an cás.
Cuirfear in iúl do mhic léinn faoi aon chomhrá atá beartaithe tríd an seoladh ríomhphoist atá acu in Ollscoil na Gaillimhe. Táthar ag súil go seiceálfaidh an mac léinn a ríomhphost Ollscoil na Gaillimhe go rialta. Féadfaidh mic léinn fógra 5 lá oibre a iarraidh, trí ríomhphost, le haghaidh aon chomhrá dá leithéid má bhíonn fógra dá leithéid ag teastáil uathu le haghaidh riachtanais sceidealaithe.

### 2.1.6 Mí-iompar le linn Scrúduithe Oifigiúla Ollscoile

Má tá amhras ar aon duine gur tharla mí-iompar acadúil le linn scrúdú oifigiúil a bhí sceidealaithe mar chuid d'amchlár scrúduithe na hOllscoile ó Oifig na Scrúduithe, tagann sé sin faoi Ghrúpa Slándála na Scrúduithe agus ba chóir cloí le polasaí QA230 Nósanna Imeachta chun déileáil le sáruithe ar Rialacháin na Scrúduithe.

### 2.1.7 Mí-iompar i gCéimeanna Taighde

Cé go bhfuil an Polasaí Sláine Acadúla agus na torthaí atá sonraithe in Aguisín 1 deartha go príomha chun mí-iompar acadúil a bhainistiú i modúil a ndéantar measúnú orthu le haghaidh marc uimhriúil, d'fhéadfadh cásanna áirithe de mhí-iompar acadúil atá oiriúnach le himscrúdú faoin bpolasaí seo a bheith i gceist i measúnuithe do chéimeanna taighde áit nach mbronntar marc uimhriúil. I gcásanna den sórt sin ina bhfaightear amach gur tharla mí-iompar acadúil, is féidir torthaí ó Aguisín 1 a chinneadh (nó a oiriúnú go cuí), mar a d'fhéadfaí na moltaí atá ar fáil do scrúdaitheoirí tráchtas céime taighde a chinneadh chomh maith (féach QA245 Treoirlínte na hOllscoile do Chéimeanna Taighde).). D'fhéadfadh sé a bheith iomchuí freisin cásanna den sórt sin a imscrúdú faoi QA514 Polasaí Sláine Taighde in ionad nó i dteannta leis an bPolasaí Sláine Acadúla.

### 2.1.8 Céimithe Ollscoil na Gaillimhe

Má tá amhras faoi aon mhac léinn a bhain céim amach cheana féin in Ollscoil na Gaillimhe maidir le mí-iompar acadúil le linn a t(h)réimhse mar mhac léinn in Ollscoil na Gaillimhe, ba chóir an cás a chur faoi bhráid an Oifigigh Sláine Acadúla ar an bpointe. Déanfaidh an tOifigeach Sláine Acadúla imscrúdú mar atá leagtha amach thíos i gCuid 2.2.3. Má chinneann an tOifigeach Sláine Acadúla gur tharla mí-iompar acadúil, ba chóir an cás a chur faoi bhráid an Déin Feidhmiúcháin ábhartha chun an toradh cuí a chinneadh as na cinn a leagtar amach in Aguisín 1.

### 2.1.9 Spás Foghlama Sábháilte a Chothabháil

Féadfaidh an Ollscoil rogha a dhéanamh acmhainní ar líne a bhlocáil go gníomhach ar líonraí sreangaithe agus WiFi an champais. Féadfaidh bloic den sórt sin a bheith sealadach nó buan agus féadfaidh siad iad seo a áireamh (ach gan bheith teoranta dóibh): láithreáin ghréasáin, láithreáin chomhroinnte comhad, láithreáin comhad caise, láithreáin stórála néalbhunaithe agus láithreáin comhrá bheo, áit a meastar go dtacaíonn nó go n-éascaíonn a leithéid d'acmhainní ar líne mí-iompar acadúil. Luann Ollscoil na Gaillimhe go soiléir freisin go bhfuil fógraíocht ar aon seirbhísí a chothaíonn mí-iompar acadúil ag sárú an pholasaí seo agus féadfaidh siad rogha a dhéanamh deireadh a chur le haon fhógraíocht fhisiciúil do sheirbhísí ar an gcampas a mheasann siad a bheadh ag cur mic léinn i mbaol caimiléireachta ar conradh.

## 2.2 Próiseas do Mhí-Iompar Acadúil a bhfuil Amhras faoi

### 2.2.1 Amhras ar dhuine den Fhoireann Teagaisc gur tharla Mí-Iompar Acadúil

Ba chóir do dhuine den fhoireann teagaisc a bhfuil amhras air/uirthi gur tharla mí-iompar acadúil a bhreithniú ar dtús má chreideann sé/sí gur cás mí-iompair neamhbheartaithe nó mí-iompar acadúil eile a rinneadh d'aon ghnó é seo.

#### Mí-iompar Neamhbheartaithe

Má chreideann an té atá ag teagasc bunaithe ar an bhfianaise gur cás mí-iompair neamhbheartaithe é seo, cuirfidh an comhalta foirne an mac léinn ar an eolas trí ríomhphost agus iarrfaidh sé/sí ar an mac léinn oiliúint sláine acadúla a dhéanamh agus féadfaidh sé/sí aon cheann díobh seo a leanas a roghnú freisin:

- Gan marc ar bith a thabhairt do chuid ar leith den tasc measúnaithe
- Measúnú marcáilte ach caitear le píosaí bradaíola mar shleachta díreacha
- An obair a chur isteach arís don raon iomlán marcanna atá ar fáil
- Laghdú ar na marcanna don mheasúnú faoin méid sonraithe
- Déanann an mac léinn an measúnú arís agus cuireann isteach arís é do mharc nach mó ná 50%

Ina theannta sin, moltar go mór go dtabharfadh an mac léinn faoi oiliúint i scileanna staidéir.

Tar éis toradh a bheith roghnaithe cuirfidh an comhalta foirne teagaisc an cás ar an gClár Mí-Iompair Acadúil mar chás mí-iompair neamhbheartaithe agus beidh an t-eolas tacaíochta seo a leanas leis:

- an dáta ar leagadh isteach an obair agus an dáta ar fuarthas amach faoin mí-iompar neamhbheartaithe,
- cur síos ar an tasc atá i gceist lena n-áirítear luach an taisc
- míniú ar an gcúis a raibh amhras faoi mhí-iompar neamhbheartaithe,

- an bhliain ina bhfuil an mac léinn a bhfuil amhras faoi, agus
- an toradh a tugadh don mhac léinn.

Ní mheastar é seo mar chás de mhí-iompar acadúil d'aon ghnó. Ní bhreathnófar ar iontráil aonair mhí-iompair neamhbheartaithe ar an gClár Mí-Iompair Acadúil mar "an chéad sárú" sa phróiseas a leanann. Déanfaidh an tOifigeach Sláine Acadúla iontrálacha arís agus arís eile ar an gClár Mí-Iompair Acadúil maidir le mí-iompar neamhbheartaithe a mheas agus d'fhéadfadh go dtabharfaí "an chéad sárú" mar thoradh ar mhí-iompar acadúil d'aon ghnó má chinneann an tOifigeach Sláine Acadúla gur gá é sin de bharr é a bheith ag tarlú arís agus arís eile.

Más rud é ag tráth ar bith níos déanaí sa phróiseas go gcuirtear an cás ar ais chuig an gcomhalta foirne teagaisc nuair nach bhfuarthas dóthain fianaise ar mhí-iompar acadúil d'aon ghnó, tá fáilte roimh an gcomhalta foirne teagaisc (más mian leis/léi) mí-iompar neamhbheartaithe a chinneadh go fóill agus toradh a roghnú as na roghanna thuas.

### Mí-Iompar Acadúil d'Aon Ghnó

I ngach cás eile, nuair a bhíonn amhras faoi mhí-iompar acadúil d'aon ghnó féadfaidh an comhalta foirne teagaisc labhairt leis an gComhairleoir cuí Sláine Acadúla, faoi rún, faoin gcás. Cuirfidh an comhalta foirne teagaisc an t-amhras faoi mhí-iompar d'aon ghnó ar an gClár Mí-Iompair Acadúil, agus cuirfidh sé/sí sonraí iomlána an mhí-iompair a bhfuil amhras faoi ar fáil don Chomhairleoir Sláine Acadúla, lena n-áirítear:

- cóip d'obair an mhic léinn, lena n-áirítear an dáta ar cuireadh isteach an obair agus an dáta ar tugadh faoi deara an bhradaíl,
- aon fhianaise maidir le mí-iompar acadúil a bhfuil amhras faoi,
- bliain ina bhfuil an mac léinn a bhfuil amhras faoi agus
- luach an taisc sa mhodúl.

## 2.2.2 Ról an Chomhairleora Sláine Acadúla

Ón bpointe seo ar aghaidh, seo é an próiseas a leantar is cuma ar chuir duine den fhoireann teagaisc nó foinse eile an mí-iompar acadúil faoi bhráid an Chomhairleora Sláine Acadúla.

### An Chéad Sárú

Seiceálfaidh an Comhairleoir Sláine Acadúla ar dtús an raibh cás de mhí-iompar acadúil d'aon ghnó ag an mac léinn seo ar an gClár Mí-Iompair Acadúil cheana féin. Má tá, (is é sin le rá go raibh siad i mbun mí-iompair acadúil d'aon ghnó in Ollscoil na Gaillimhe roimhe seo), cuirfear an cás ar aghaidh láithreach chuig an Oifigeach Sláine Acadúla lena imscrúdú.

### Sáruithe ag an am céanna

Tarlaíonn cás a bhaineann le sáruithe ag an am céanna nuair a chuireann mac léinn roinnt tascanna isteach a bhfuil amhras fúthu go bhfuil mí-iompar iontu sula ndéantar cinneadh ar aon cheann de na tascanna a bhfuil amhras fúthu. Má bhíonn mac léinn nár sháraigh aon rialacha roimhe seo sa chás seo, déileálfar le gach ceann dá gcásanna ag an am céanna mar chéad sárú a bhfuil amhras faoi. Má bhíonn mac léinn a raibh sáruithe roimhe seo déanta aige/aici sa chás seo, cuirfear gach ceann de na cásanna chuig an Oifigeach Sláine Acadúla, áit a gcaithfear leo as a chéile mar sháruithe ina dhiaidh sin.

## Comhrá Misniúil (CM)

Mura bhfuil an mac léinn ar an gClár Mí-Iompair Acadúil mar gheall ar mhí-iompar acadúil d'aon ghnó (is é sin le rá gurb é seo an chéad chás amhrasta de mhí-iompar acadúil d'aon ghnó) ansin cuirfidh an Comhairleoir Sláine Acadúla tús le próiseas an Chomhrá Mhisniúil. (Forbraíodh Comhráite Misniúla in Ollscoil New South Wales agus tá cur síos déanta orthu san alt seo leis an Ollamh Cath Ellis). Seolfaidh an Comhairleoir Sláine Acadúla ríomhphost chuig gach mac léinn lena mbaineann, tabharfar breac-chuntas ar an mí-iompar acadúil a bhfuiltear in amhras faoi agus tairgfear an rogha an mí-iompar acadúil a admháil agus na sonraí go léir is féidir leo faoin mí-iompar a roinnt trí ríomhphost nó páirt a ghlacadh i gComhrá Misniúil. Má admhaíonn an mac léinn mí-iompar acadúil d'aon ghnó trí ríomhphost, cuirfidh an Comhairleoir Sláine Acadúla freagra trí ríomhphost á chur in iúl don mhac léinn faoin toradh a bhaineann leis (de réir Aguisín 1). Cuirfidh an Comhairleoir Sláine Acadúla an admháil agus an toradh in iúl don léachtóir trí ríomhphost freisin.

Is plé oscailte é an Comhrá Misniúil idir an Comhairleoir Sláine Acadúla agus an mac léinn sula ndéantar aon imscrúdú foirmiúil. Le linn an Chomhrá Mhisniúil, déanfaidh an Comhairleoir Sláine Acadúla

- Sonraí an mhí-iompair líomhnaithe a roinnt leis/léi arís.
- A chur in iúl don mhac léinn go mbítear an-dáiríre faoi mhí-iompar acadúil san Ollscoil ach ag an bpointe seo sa phróiseas nach mbeidh an pionós is tromchúisí a mholtar don chatagóir sáraithe seo i gceist má admhaítear an mí-iompar go hiomlán.
- Má rinne sé/sí mí-iompar acadúil d'aon ghnó, iarrtar ar an mac léinn sonraí an mhí-iompair seo a roinnt leis an gComhairleoir Sláine Acadúla ag an bpointe seo. Má dhéanann sé/sí amhlaidh, ní dhéanfar aon imscrúdú foirmiúil má roinneann sé/sí na sonraí go léir a bhaineann leis an eachtra. Má thagann sé chun solais ag am ar bith nár chomhlíon an mac léinn an riachtanas seo go hiomlán, d'fhéadfadh go mbeadh air/uirthi dul trí imscrúdú iomlán fós.
- Má tá amhras ar Chomhairleoir Sláine Acadúla go bhfuil cás mí-iompair acadúil ina m(h)odúl féin, níor cheart dó/di Comhrá Misniúil a reáchtáil leis an mac léinn. Sa chás sin, ba cheart dó/di cúnamh a lorg ó Chomhairleoir Sláine Acadúla i ndisciplín gaolmhar nó dul i dteagmháil leis an Oifig Sláine Acadúla chun comhairle a lorg.

### *Toradh an Chomhrá Mhisniúil: Admhaíonn an Mac Léinn Mí-Iompar Acadúil d'Aon Ghnó*

Má admhaíonn an mac léinn mí-iompar acadúil d'aon ghnó, cinneann an Comhairleoir Sláine Acadúla toradh an mhí-iompair acadúil d'aon ghnó (i gcomhairle leis an Oifigeach Sláine Acadúla, más gá) de réir Aguisín 1.
Ansin déanann an Comhairleoir Sláine Acadúla cás an mhí-iompair acadúil d'aon ghnó a chur ar an taifead ar an gClár Mí-Iompair Acadúil lena n-áirítear:

- an tuairisc ón gcomhalta foirne teagaisc,
- a n-achoimre féin ar an gComhrá Misniúil,
- achoimre ar aon phlé breise eatarthu féin agus an tOifigeach Sláine Acadúla,
- achoimre ar na pointí a úsáideadh chun leibhéal an mhí-iompair acadúil a chinneadh ag baint úsáid as Aguisín 1 mar aon leis na sonraí ábhartha más gá, agus
- an toradh a socraíodh.

Cuireann an Comhairleoir Sláine Acadúla toradh an Chomhrá Mhisniúil agus an toradh a socraíodh in iúl don mhac léinn agus don chomhalta foirne teagaisc i scríbhinn trí ríomhphost.

### *Toradh an Chomhrá Mhisniúil: Ní Admhaíonn an Mac Léinn Mí-Iompar Acadúil d'Aon Ghnó*

Mura n-admhaíonn an mac léinn mí-iompar acadúil d'aon ghnó, ní mór don Chomhairleoir Sláine Acadúla cinneadh a dhéanamh an bhfuil amhras air/uirthi go fóill gur tharla mí-iompar acadúil d'aon ghnó.

#### Níl Amhras ar an gComhairleoir faoi Mhí-Iompar Acadúil d'Aon Ghnó

Má tá an Comhairleoir Sláine Acadúla sásta nár tharla mí-iompar acadúil d'aon ghnó tar éis an Chomhrá Mhisniúil leis an mac léinn, freagraíonn an Comhairleoir Sláine Acadúla an mac léinn agus an comhalta foirne teagaisc trí ríomhphost, roinneann sé/sí a c(h)inneadh agus cuireann sé/sí a réasúnaíocht leis an gcinneadh seo in iúl go hachomair. Ag an bpointe seo, féadfaidh an comhalta foirne teagaisc mí-iompar neamhbheartaithe a chinneadh fós, más cuí, agus toradh a roghnú as na cinn atá ar fáil do mhí-iompar neamhbheartaithe thuas.

#### Tá Amhras ar an gComhairleoir faoi Mhí-Iompar Acadúil

Má bhíonn amhras fós ar an gComhairleoir Sláine Acadúla gur tharla mí-iompar acadúil d'aon ghnó tar éis an Chomhrá Mhisniúil leis an mac léinn, ansin cuireann an Comhairleoir Sláine Acadúla an cás faoi bhráid an Oifigigh Sláine Acadúla le haghaidh imscrúdú foirmiúil agus cuireann sé in iúl don mhac léinn agus don chomhalta foirne teagaisc trí ríomhphost go bhfuil an chéim seo glactha. Soláthróidh an Comhairleoir Sláine Acadúla na nithe seo a leanas don Oifigeach Sláine Acadúla:

- an tuairisc ón gcomhalta foirne teagaisc,
- a n-achoimre féin ar an gComhrá Misniúil,
- achoimre ar aon phlé breise eatarthu féin agus an tOifigeach Sláine Acadúla.

Cabhróidh an Comhairleoir Sláine Acadúla leis an imscrúdú ina dhiaidh sin nuair is gá de réir mar a iarrann an tOifigeach Sláine Acadúla.

### 2.2.3 Déanann an tOifigeach Sláine Acadúla imscrúdú

Faigheann an tOifigeach Sláine Acadúla cásanna ó Chomhairleoirí Sláine Acadúla ach ó fhoinsí eile freisin b'fhéidir. Má chuirtear cás faoi bhráid an Oifigigh Sláine Acadúla as áit ar bith seachas an Comhairleoir Sláine Acadúla, féadfar an cás a chur faoi bhráid an Chomhairleora Sláine Acadúla ar dtús má mheastar gur cuí sin. Mura gcuireann an tOifigeach Sláine Acadúla cás den sórt sin ar aghaidh chuig Comhairleoir Sláine Acadúla, rachaidh sé/sí ar aghaidh leis an imscrúdú é/í féin.

Tionscnóidh an tOifigeach Sláine Acadúla imscrúdú chun a chinneadh ar tharla mí-iompar acadúil d'aon ghnó nó nár tharla. Má tharla mí-iompar acadúil d'aon ghnó, féachfaidh an t-imscrúdú le méid nó leibhéal an mhí-iompair acadúil a chinneadh.

D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith san áireamh leis an bpróiseas imscrúdaithe (ach ní liosta uileghabhálach é):

- Agallamh leis an mac léinn/na mic léinn atá i gceist. Ag an agallamh seo, féadfaidh an tOifigeach Sláine Acadúla cuireadh a thabhairt do chomhalta foirne eile a bheith in éineacht leis/léi agus d'fhéadfadh duine tacaíochta a bheith ag an mac léinn mar a shonraítear i gCuid 2.1.5 Comhráite na Mac Léinn thuas.
- Agallamh leis an gcomhalta foirne teagaisc a chuir an cás ar aghaidh.
- Agallamh leis an gComhairleoir Sláine Acadúla a chuir an cás ar aghaidh.

- Imscrúdú ar aon cháipéisí, comhaid, nó acmhainní eile a bhaineann leis an gcás agus na meiteashonraí a bhaineann leo.

Bunaithe ar an imscrúdú cinnfidh an tOifigeach Sláine Acadúla cibé an bhfuil sé níos dóchúla ná a mhalairt gur tharla mí-iompar acadúil d'aon ghnó.

## Níor tharla Mí-Iompar Acadúil d'Aon Ghnó

Má mheasann an tOifigeach Sláine Acadúla gur dóichí ná a mhalairt nár tharla mí-iompar acadúil d'aon ghnó tar éis a (h)imscrúdaithe, seolfaidh an tOifigeach Sláine Acadúla freagra ar ríomhphost chuig an mac léinn, an Comhairleoir Sláine Acadúla agus an comhalta foirne teagaisc, roinneann sé/sí a réasúnaíocht leis an gcinneadh seo go hachomair.

## Tharla Mí-Iompar Acadúil d'Aon Ghnó

Má mheasann an tOifigeach Sláine Acadúla gur dóichí ná a mhalairt gur tharla mí-iompar acadúil d'aon ghnó tar éis a imscrúdaithe, cinneann an tOifigeach Sláine Acadúla leibhéal an mhí-iompair acadúil agus an toradh gaolmhar de réir Aguisín 1. D'fhéadfadh go mbeadh ar an Déan Feidhmiúcháin cuí cinneadh a dhéanamh ar an gcás i gcásanna móra áirithe de mhí-iompar acadúil de réir na sonraí in Aguisín 1.

Ansin déanann an tOifigeach Sláine Acadúla cás an mhí-iompair acadúil d'aon ghnó a thaifeadadh ar an gClár Sláine Acadúla lena n-áirítear:

- an tuairisc ón gcomhalta foirne teagaisc,
- aon fhaisnéis/tuairiscí arna soláthar ag an gComhairleoir Sláine Acadúla,
- achoimre ar aon phlé breise faoin gcás,
- achoimre ar an imscrúdú agus a chonclúidí,
- achoimre ar na pointí a úsáideadh chun leibhéal an mhí-iompair acadúil a chinneadh ag baint úsáid as Aguisín 1 agus aon sonraí ábhartha eile, agus
- an toradh a socraíodh.

Cuireann an tOifigeach Sláine Acadúla cinneadh an imscrúdaithe agus an toradh a socraíodh in iúl don mhac léinn, don Chomhairleoir cuí Sláine Acadúla agus don chomhalta foirne teagaisc trí ríomhphost.

Má chreideann an tOifigeach Sláine Acadúla ag am ar bith nach bhfuil an toradh feiliúnach don sárú, féadfaidh an tOifigeach Sláine Acadúla rogha a dhéanamh an toradh a leasú. Má chuirtear in iúl don chomhalta foirne teagaisc ag am ar bith go bhfuarthas amach nach ndearnadh mí-iompar acadúil d'aon ghnó, féadfaidh sé/sí mí-iompar neamhbheartaithe a chinneadh fós agus aon cheann de na torthaí tosaigh atá ar fáil a shannadh dóibh.

### 2.2.4 Cosaint agus Rúndacht

Más rud é go bhfaigheadh aon duine de phobal na hOllscoile amach faoi mhí-iompar acadúil a d'fhéadfadh a bheith ann trí bhreathnóireacht nó faisnéis a fhaigheann siad, agus mura ndeachaigh an próiseas a leagadh amach roimhe seo i ngleic leis an mbealach ar cheart dóibh dul ar aghaidh, ba cheart dóibh dul i dteagmháil leis an gComhairleoir Sláine Acadúla nó leis an Oifigeach Sláine Acadúla cuí chun iad ar an eolas faoin gcás. Coinneofar an t-eolas seo faoi rún agus déanfaidh an Ollscoil a dícheall a chinntiú nach mbeidh aon iarmhairtí diúltacha ann don té a thugann an t-eolas seo ar aghaidh. Más rud é, áfach, go mbeadh baint ar bith ag an té a thuairiscíonn mí-iompar le mí-iompar acadúil é/í féin ar bhealach ar bith, beidh sé/sí fós faoi réir an pholasaí atá leagtha amach anseo. Is é an Comhairleoir Sláine Acadúla (i gcomhairle leis an Oifigeach Sláine Acadúla más gá) nó an tOifigeach Sláine Acadúla a chinnfidh an bealach is fearr chun dul ar aghaidh de réir an phróisis atá leagtha amach thuas.

### 2.2.5 Amlíne

Ba cheart go mbeadh sé mar rún ag gach duine a bhfuil baint aige/aici le cur i bhfeidhm an pholasaí seo gach céim a chur i bhfeidhm ar bhealach chomh tráthúil agus is féidir. Tuigtear go mbeidh tréithe uathúla ag cásanna agus mar thoradh air sin go bhféadfadh siad a bheith éagsúil ó thaobh an t-am a thógann sé iad a phróiseáil. Moltar do gach páirtí sa phróiseas (comhalta foirne teagaisc, Comhairleoir Sláine Acadúla, Oifigeach Sláine Acadúla, Déan Feidhmiúcháin) a chinntiú go gcuirtear a c(h)uid den phróiseas i gcrích laistigh de thréimhse chomh gearr agus is féidir. Má theipeann ar mhac léinn freagra a thabhairt ar an gcuireadh chuig cruinniú laistigh de thréimhse réasúnta (cúig lá oibre de ghnáth) nó mura bhfreastalaíonn sé/sí ar chruinniú a bhí socraithe, ba cheart don chinnteoir cinneadh a dhéanamh agus a eisiúint bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil. I gcás ina gcinntear mí-iompar acadúil tar éis bord scrúdaithe a bheith ar siúl, is féidir toradh a shannadh go fóill agus is féidir athruithe iarbhoird a úsáid chun grád a leasú más gá.

### 2.2.6 An Próiseas Achomhairc

Ba cheart achomharc a dhéanamh maidir le sáruithe deimhnithe ar shláine acadúil faoin bPolasaí Sláine Acadúla seachas faoi QA235 Torthaí Scrúduithe a Phlé, a Sheiceáil agus a Achomharc. Ní mór achomharc a dhéanamh laistigh de cheithre lá déag oibre ó dháta an ríomhphoist a chuireann toradh in iúl don mhac léinn. Beidh sonraí faoin bpróiseas achomhairc agus amlínte sa chumarsáid scríofa chuig an mac léinn. Tá achomharc amháin ar a mhéad ceadaithe agus is cinneadh críochnaitheach an cinneadh ina dhiaidh sin. Tabhair faoi deara, a luaithe a dhéantar achomharc ar chinneadh, go bhféadfaí toradh difriúil (agus toradh a d'fhéadfadh a bheith níos tromchúisí) a chinneadh má nochtfar tuilleadh eolais mar chuid den phróiseas achomhairc.

- Is féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh maidir le mí-iompar neamhbheartaithe chuig an gComhairleoir ábhartha Sláine Acadúla.
- Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an Oifigeach Sláine Acadúla i gcoinne cinneadh a rinneadh ag céim an Chomhrá Mhisniúil ach ba chóir go dtuigfeadh an mac léinn go bhféadfadh sé seo tús a chur le himscrúdú iomlán ar an gceist.

- Féadfar achomharc a dhéanamh ar chinneadh an Oifigigh Sláine Acadúla chuig an Déan Feidhmiúcháin cuí más rud é nach raibh baint ag an Déan Feidhmiúcháin leis an gcinneadh tosaigh agus leis an toradh.
- Féadfar achomharc a dhéanamh ar chinneadh an Déin Feidhmiúcháin agus sannfar é chuig Déan Feidhmiúcháin nár chinn an toradh roimhe sin.

### 2.2.7 Próiseas chun Comhsheasmhacht a Chinntiú

Déanfaidh an tOifigeach Sláine Acadúla athbhreithniú bliantúil ar chásanna mí-iompair acadúil ar fud na hollscoile. Piocfaidh sé/sí rogha randamach de thuairim is deich gcás de mhí-iompar neamhbheartaithe agus mí-iompar acadúil d'aon ghnó ón gClár Mí-Iompair Acadúil agus athbhreithneoidh sé/sí na cásanna chun a chinntiú gur cloíodh leis an bpolasaí. Má aimsíonn sé/sí neamhréireachtaí, rachaidh sé/sí i dteagmháil leis an gcomhalta foirne teagaisc cuí agus/nó an Comhairleoir Sláine Acadúla agus breithneoidh sé/sí ar cheart go mbeadh oiliúint bhreise ag teastáil.

## 3.0 An Próiseas Athbhreithnithe Polasaí

Déanfaidh an coiste T&F athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí agus cuirfear aon athruithe a theastaíonn i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

## 4.0 Buíochas

Bhain an polasaí seo leas mór as an saineolas idirnáisiúnta atá i réimse na sláine acadúla. Táimid thar a bheith buíoch de Irene Glendinning, Thomas Lancaster, Cath Ellis, Kane Murdoch, Caroline Campbell, agus Nick Milne as an am a ghlac siad chun a dtaithí a roinnt linn, éisteacht lenár gceisteanna agus bealaí a mholadh ina bhféadfaimis aghaidh a thabhairt ar ár n-imní. Gabhaimid buíochas le Kelly Ahuna agus Loretta Frankovitch as sonraí a roinnt faoina bpróiseas feabhsúcháin agus faoin gcaoi a n-oibríonn an Office of Academic Integrity in Ollscoil Buffalo. Táimid buíoch díobh seo a leanas

- Ollscoil Deakin as ligean dúinn a gcuid pointí agus próiseas torthaí a chur in oiriúint dár riachtanais
- Ollscoil New South Wales as an bpróiseas Comhráite Misniúla a fhorbairt agus a roinnt ionas go bhféadfadh daoine eile é seo a úsáid ina gcur chuige féin.
- Ollscoil Victoria as a léiriú conas polasaí a chruthú atá inléite agus inrochtana do mhic léinn ar líne.
- An Líonra Náisiúnta do Shláine Acadúil (NAIN) as an bhFoclóir agus na Treoirlínte do Shláine Acadúil a fhorbairt chomh maith lena dtoilteanas labhairt linn faoin bpróiseas a bhí ar bun againn agus treoir a sholáthar do chomhthéacs na hÉireann.

Cé nach féidir linn iad go léir a ainmniú, tá muid go mór faoi chomaoin ag an bpobal idirnáisiúnta sláine acadúla ina iomláine a chuir fáilte mhór romhainn le linn an phróisis seo. Gabhaimid buíochas as an iliomad smaointe agus ceisteanna spreagúla a raibh tionchar acu ar an bpolasaí seo gan amhras. Is linne go hiomlán aon earráidí agus botúin.